CORA Cork Open Research Archive
Cartlann Taighde Oscailte Chorcaí

Title	Lámhscríbhinn Ghaeilge le Mícheál Óg Ó Longáin bronnta ar Choláiste na hOllscoile Corcaigh
Authors	Ní Íceadha, Máire
Publication date	2023
Original Citation	Ní Íceadha, M. (2023) 'Lámhscríbhinn Ghaeilge le Mícheál Óg Ó Longáin bronnta ar Choláiste na hOllscoile Corcaigh', Dúchas - Iris Staire Dhúiche Ealla, 2, pp. 77-84.
Type of publication	Article (peer-reviewed)
Rights	© 2023, Dúchas - The Duhallow Historical Journal.
Download date	2026-11-02 04:46:27
Item downloaded from	https://hdl.handle.net/10468/17395



DÚCHAS

Iris Staire Dhúiche Ealla
The Duhallow Historical Journal

Uimhir II / Volume II

2023

Arna chur in eagar ag / Edited by

Aogán Ó hIarlaithe

Lámhscríbhinn Ghaeilge le Mícheál Óg Ó Longáin bronnta ar Choláiste na hOllscoile Corcaigh*

Bhronn Jeanne Burdon agus a muintir lámhscríbhinn stairiúil Ghaeilge ón 19ú haois ar Choláiste na hOllscoile Corcaigh ag ócáid speisialta dhátheangach, a d'eagraigh Scoil Léann na Gaeilge agus Leabharlann Boole, Coláiste na hOllscoile Corcaigh, sa Zón Cruthaitheach i Leabharlann Boole ar an Aoine, 7 Deireadh Fómhair 2022. Lámhscríbhinn a bhreac Mícheál Óg Ó Longáin (1766–1837)[1] is ea í a bhí i seilbh phríobháideach mhuintir Burdon.

Ócáid mhór do Scoil Léann na Gaeilge ba ea bronnadh na lámhscríbhinne seo agus ba é Ceann na Scoile, an Dr Kevin Murray, fear a' tí ag an ócáid. Labhair an tUasal David Burdon faoina athair David John Burdon, a raibh an lámhscríbhinn seo ina sheilbh aige go dtí gur cailleadh é sa bhliain 2021. Thug an tOllamh Seán Ó Coileáin léargas ar chúlra an bhronnta seo, leis, a raibh páirt aige féin ann. Bhí an tOllamh Breandán Ó Conchúir ina aoichainteoir ag an mbronnadh agus thug sé caint chuimsitheach ar Mhícheál Óg Ó Longáin, scríobhaí príomha na lámhscríbhinne, agus ar an lámhscríbhinn seo dá chuid. Ar na cainteoirí eile a labhair ag an ócáid, bhí an Dr Síle Ní Mhurchú, Ceann Roinn na Nua-Ghaeilge, a labhair faoi ionad agus thábhacht na lámhscríbhinne seo laistigh den taighde agus den saothrú atá déanta go dtí seo ar thraidisiún na lámhscríbhinní Gaeilge, agus a dhéanfar amach anso, ag foireann

---

* Táim fíorbhuíoch den Ollamh Pádraig Ó Macháin as dréacht den alt seo a léamh agus as a chuid moltaí ina thaobh. Úsáidtear na giorrúcháin seo a leanas san aiste seo: 'Corcaigh LS' = Lámhscríbhinn de chuid Choláiste na hOllscoile Corcaigh; 'LNÉ LS' = Lámhscríbhinn de chuid Leabharlann Náisiúnta na hÉireann.

[1] Maidir le cuntas ar shaothar Mhichíl Óig Uí Longáin sna lámhscríbhinní, féach Breandán Ó Conchúir, *Scríobhaithe Chorcaí* (Baile Átha Cliath, 1982), lgh 91–100.

Scoil Léann na Gaeilge. Thug an Dr Tomás Ó Murchú caint faoi Shéamas Óg (1689–1720),[2] mac Shéamuis mac Éamoinn Mhic Coitir (1630–1705), a bhfuil cuntais agus dánta scríofa air sa lámhscríbhinn seo. Agus labhair Ceann Shainbhailiúcháin agus Chartlanna Choláiste na hOllscoile Corcaigh, Crónán Ó Doibhlin, faoi thábhacht lámhscríbhinn Mhíchíl Óig do Shainbhailiúchán na hOllscoile. Tar éis na gcainteanna seo go léir tugadh deis uathúil dóibh siúd a d'fhreastail ar an ócáid breathnú ar an lámhscríbhinn féin faoi stiúir Leabharlannaí de chuid Shainbhailiúcháin Leabharlann Boole, Elaine Harrington.

An lámhscríbhinn

Corcaigh LS 206 a thugtar ar an lámhscríbhinn seo anois a bhreac Mícheál Óg Ó Longáin i gCorcaigh sa bhliain 1821 chun úsáide Shéamuis Mhic Coitir 'Do*cht*úir Díad*hacht*a'[3] in Eochaill. 'Scríobhaí ar leithligh ann féin'[4] a thugann Breandán Ó Conchúir ar Mhícheál Óg ina shaothar *Scríobhaithe Chorcaí* toisc líon mór na lámhscríbhinní a d'fhág an Longánach ina dhiaidh agus líon na dtagairtí pearsanta a bhí aige sna lámhscríbhinní dá chuid. Múinteoir agus sclábhaí feirme ba ea Mícheál Óg tráthanna áirithe dá shaol agus ball gníomhach de na hÉireannaigh Aontaithe, chomh maith.[5] File ba ea é, leis,[6] arbh fhile agus scríobhaí é a athair Mícheál mac Pheadair Ó

---

[2] Tomás Ó Murchú, 'Caoineadh ar Shéamas Óg Mac Coitir (†1720)', in *Éigse* 39 (2016), lgh 71–95.

[3] Corcaigh LS 206, lch teidil.

[4] Ó Conchúir, *Scríobhaithe Chorcaí*, lch 100.

[5] Pádraig Ó Fiannachta, *Léas Eile ar ár Litríocht* (Maigh Nuad, 1982), lgh 220–2.

[6] Tugann Meidhbhín Ní Úrdail le fios go bhfuil breis is 350 amhrán a chum Mícheál Óg Ó Longáin ar marthain sna lámhscríbhinní: Ní Úrdail, '*An Ghaeilge do choimeád ar bun agus ar buaintseasamh:* the exceptional case of the Ó Longáin family of scribes', in Pádraig Ó Macháin agus Sorcha Nic Lochlainn (eag.), *Leabhar na Longánach: The Ó Longáin Family and their Manuscripts* (Corcaigh, 2018), lgh 51–98 ar 62.

Longáin[7] roimhe. Scríobhaithe bisiúla ba ea triúr mac de chuid Mhíchíl Óig, Peadar[8] agus Pól, ar chúpla iad, agus Seosamh, agus Mícheál Ó Longáin, mac le Seosamh agus garmhac le Mícheál Óg, i bhfianaise líon na lámhscríbhinní a scríobh siad féin agus a scríobh siad i bpáirt le daoine eile.[9] Bhí an tEaspag Seán Ó Murchú[10] mar phátrún ag Mícheál Óg le linn na tréimhse ar bhreac sé an lámhscríbhinn Corcaigh LS 206.

Tá catalógú déanta ag an Ollamh Pádraig Ó Macháin ar an lámhscríbhinn Corcaigh LS 206. Tugann an Machánach le fios go bhfuil na litreacha tosaigh sa lámhscríbhinn seo i láimh Phóil Uí Longáin ón uair go bhfuilid ar aon dul le litreacha maisithe eile dá chuid, ó thaobh dearadh agus dathú na gceannlitreacha de, atá le sonrú sa lámhscríbhinn Corcaigh LS 97,[11] a breacadh sa bhliain 1821, chomh maith. Dar leis, is

---

[7] '[…] is ar éigin a bhí éinne dár mhair lena linn a bhí níos díograisí ná é i mbun tarrthála ar an gcuid d'oidhreacht léinn agus litríochta na Gaeilge a tháinig ina líon': Pádraig de Brún, 'Mícheál mac Peadair, sinsear na scuaine', in Pádraig Ó Macháin agus Sorcha Nic Lochlainn (eag.), *Leabhar na Longánach: The Ó Longáin Family and their Manuscripts* (Corcaigh, 2018), lgh 11–50 ar 49. De réir de Brún (ibid., lch 46), '[…] níl aon fhianaise againn nach ar shaothar a phinn a mhair sé ó d'fhág sé an Gleann'. Féach, chomh maith, Ó Fiannachta, *Léas Eile ar ár Litríocht*, lgh 217–18.

[8] De shliocht Mhíchíl Óig, ba é Peadar amháin a bhí ina fhile de réir fianaise na lámhscríbhinní: Ní Úrdail, '*An Ghaeilge do choimeád ar bun*', lch 88.


[9] Féach Ó Conchúir, *Scríobhaithe Chorcaí,* lgh 133–9 (i gcomhair saothar Pheadair); lgh 141–6 (i gcomhair saothar Phóil); lgh 149–54 (i gcomhair saothar Sheosaimh); lgh 153, 158, 330 nóta 2 (i gcomhair saothar Mhíchíl, mac le Seosamh); Ní Úrdail, '*An Ghaeilge do choimeád ar bun*', lgh 94–8.

[10] Tugann Ó Fiannachta le fios go raibh an tEaspag Ó Murchú ina phátrún ag Mícheál Óg idir na blianta 1817–22, go háirithe: *Léas Eile ar ár Litríocht*, lch 225. Tháinig meath suntasach ar an bpátrúnacht a bhí ar fáil do Mhícheál Óg idir na blianta 1820–37: Ní Úrdail, '*An Ghaeilge do choimeád ar bun*', lch 79.

[11] Pádraig Ó Macháin, 'Leabhar Leasa Móir agus muintir Longáin', in Pádraig Ó Macháin agus Sorcha Nic Lochlainn (eag.), *Leabhar na Longánach: The Ó Longáin Family and their Manuscripts* (Corcaigh, 2018), lgh 175–216 ar 196.



Íomhá 1: Trí cinn de cheannlitreacha ó Phól Ó Longáin, 1821 (Corcaigh LS 206, lgh [iii], 3 agus 7, le caoinchead)



Íomhá 2: 'Seannuid na mBan' (Corcaigh LS 206, lch 1, le caoinchead)

dóichí gur bhreac Pól cuid de na téacsanna atá in Corcaigh LS 206, leis, cé nár chuir sé a ainm leo.[12]

Tá cosúlachtaí idir ábhar Corcaigh LS 206 agus ábhar lámhscríbhinne eile, LNÉ LS G 353, a bhreac Mícheál Óg, Peadar agus Pól Ó Longáin chomh maith, sa bhliain 1821[13] agus atá anois ar fáil i Leabharlann Náisiúnta na hÉireann. Scríobhadh LNÉ LS G 353 don Urramach G. E. Cotter, i gCaisleán an Mhaignéaraigh.[14] B'é Pól scríobhaí príomha na lámhscríbhinne úd.[15]

Tá ábhar tosaigh an dá lámhscríbhinn Corcaigh LS 206 agus LNÉ LS G 353 ar aon dul le chéile. Tá cóipeanna de chuntas moltach beathaisnéiseach a bhreac an tAth. Domhnall Ó Colmáin ar Shéamus mac Éamoinn Mac Coitir ag tosach na lámhscríbhinní. In Corcaigh LS 206 (lch *iii*), tosnaíonn an cuntas seo mar a leanas: 'A Sketch of The Life of the Honourable, Sir James Edmond Cotter, laid down as a rule or a Copy for his son; [Sir *cancelled*] James to follow. By Dr Daniel Coleman – A.D. 1697. / Chuim an ógáin uasuil, mo dheisgiobal grádhach féin .i. Séamas mac Séamuis mac Éamoinn Mhic Coitir.' Tosnaíonn an cuntas féin: 'Más fíor an seanfhocal do léaghthar san bhfrainngcis nách feidir déinneach air dómhan cúiteamh ná cómhardúghadh do thabhairt do Dhia uile chomhachtach.' Críochnaíonn an cuntas (lch *xvi*): 'chum dul attír gan bhéim gan bhasgadh a ccuan agus a ccalathport na glóire síorruídhe, ní noch guídhim dhuit om chroídhe agus om anam. / Do sheirbhíseach biothbhuan go bás / Domnall Ó Colmáin.'

---

[12] De réir an eolais atá tugtha sa chuntas catalóige ar Corcaigh LS 206 a scríobh an tOllamh Pádraig Ó Macháin, Coláiste na hOllscoile Corcaigh, i mí Lúnasa 2022.

[13] Ó Macháin, 'Leabhar Leasa Móir agus Muintir Longáin', lgh 195–6. Tá colafan ag Peadar Ó Longáin ar lch 194 den lámhscríbhinn úd á chur in iúl go raibh páirt aige sa lámhscríbhinn chéanna: Nessa Ní Shéaghdha, *Catalogue of Irish Manuscripts in the National Library of Ireland*: *Fasciculus VIII* (Dublin, 1984), lch 49.

[14] Ó Conchúir, *Scríobhaithe Chorcaí*, lch 142.

[15] Ní Shéaghdha, *Catalogue of Irish Manuscripts*, lch 49.

In LNÉ LS G 353 (lch 1), tá seoladh isteach bearnach don chuntas beathaisnéiseach céanna: ‘A sketch of the life of the Honourable [*cancelled in pencil* Sir *in margin*] James mc [*inserted above in pencil*] Edmond Mc [*inserted above in pencil*] Cotter, here laid down, as a rule for this son Sir [cancelled in pencil] James [Mc Cotter *added in pencil*] to follow. By Dr Daniel Coleman. / Chum an ogáin uasail mo dheisgiobal […] an Réamhrádh…’.[16]

I measc an ábhair eile atá sa dá lámhscríbhinn seo, tá cóipeanna den téacs ‘Párliament na mBan’ nó ‘Seannuid na mBan’ a chum an tAthair Domhnall Ó Colmáin do Shéamas mac Shéamuis mac Éamoinn Mhic Coitir sa bhliain 1697, dalta a bhí á theagasc aige an uair sin.[17] Leagan Gaeilge de chuid den téacs *Senatulus,* ceann de na *Colloquia Familiaria* de chuid *Desiderius* Erasmus is ea é.[18] Tá an téacs ar fáil in Corcaigh LS 206, lgh 1–161. Bhreac Peadar Ó Longáin an chóip de ‘Seannuid na mBan’ atá in LNÉ LS G 353, lgh 19–194.[19] In Corcaigh LS 206, tosnaíonn *Seannuid na mBan* (lch 1): ‘Annsa mblíaghuin 1697 do bhádar annsa ríoghachtso na héirionn dís ós ciónn fithche do bhainntíghearnuídhe uaisle onóireacha críonna céillíghe diadha.’ Críochnaíonn an téacs (lgh 160–1): ‘Is mar sin chríochnuíghim dá iaradh air an ttríonnóid sin féin agus críostuighthe an dómhain go léir do cuir air slíghe ccoir agus air staid na ngrás agus na glóire siorruídhe Amen.’

[16] Ibid., lch 49.
[17] Ibid.
[18] James Stewart, ‘Párliament na mBan’, in *Celtica* 7 (1966), lgh 135–41; Brian Ó Cuív (eag.), *Párliament na mBan* (Baile Átha Cliath, 1952).
[19] Dhein Peadar Ó Longáin cóipeáil an téacs a chríochnú ar an 19 Bealtaine 1821 agus é ‘air Curra Chiopáin cois Laoi’: Ní Shéaghdha, *Catalogue of Irish Manuscripts*, lgh 49–50.

Leantar d'óráidí ó mhnáibh a bhfuil ainmneacha lán de bhrí tugtha orthu[20] sna codanna eile den téacs fada Gaeilge seo atá in Corcaigh LS 206: 'Óráid Fhionnualla sonn' (lch 3); 'Óráid Chaitriona ní Chosairasair' (lch 7); 'Óráid Sheilgean ní Chothromchirt' (lch 10); 'Óráid Mhuirruinn Lán-láidir' (lch 13); 'Óráid Raighnit Stacból' (lch 15); 'Óráid Mhaire ní Mhilisbhreithir' (lch 17); 'Óráid Anna ní Chiarrabháin' (lch 22); 'Óráid Mharghréad ní Charulláin' (lch 25); 'Óráid Shadhbh ní Chosgartha' (lch 28); 'Óráid Eilíonóir Bhínn-ghlórach' (lch 33); 'Óráid Shiobhán na Buaile *alias* na Féile' (lch 67); 'Óráid Mheadhbh Mheasardha' (lch 70); 'Óráid Róis Gheanamnuíghe' (lch 77); 'Óráid Ghobnuit an Fhuadair' (lch 82); 'Óráid Allsún Cheannsa' (lch 88); 'Óráid Bhríghid Char-thannuicc' (lch 94); 'Óráid Bharbrá Cheartbhriathrach' (lch 99); 'Óráid Anastás Riaghallta' (lch 104); 'Óráid Ursala Umhalínntinneach sonn' (lch 110); 'Óráid Therésa Throm-cuiseach' (lch 117); 'Óráid Chlara Dheisgréideach' (lch 120); 'Óráid Lúcia Fhírinnach' (lch 126); 'Óráid Aignéis Ionnruic' (lch 130); 'Óráid Shiosala Shíorghnótach sonn' (lch 135); 'Óráid Mhagdailén Ghrásamuil sonn' (lch 138); 'Óráid Théimis Eagnuíghe sonn' (lch 141); 'Óráid Mhoinca Chóruig sonn' (lch 144); 'Óráid Dhebóra ní Chathbhuaidh sonn' (lch 147); 'Óráid Úghna Mhodurtha sonn' (lch 151); 'Óráid Aibigil Uchtfírinneach' (lch 153); 'Óráid Éithne Óghmúil son' (lch 157).

Tá roinnt searmóintí maraon le marbhnaí a scríobhadh in ómós do Shéamus mac Éamoinn Mac Coitir agus dá mhac Séamas Óg i measc an ábhair eile atá breactha sna codanna eile de na lámhscríbhinní Corcaigh LS 206 agus LNÉ LS G 353. Tá véarsaíocht le Liam Mac Cairteáin an Dúna, le Seán Clárach mac Domhnaill, le hÉamonn de Bhál agus le Piaras

[20] Léiriú ar bhunúsacht an údair is ea na hainmneacha a thugann an tAth. Domhnall Ó Colmáin ar bhaill den Phárliament de réir James Stewart, 'Párliament na mBan', lch 136.

Mac Gearailt ar na déantúis úd a bhfuil cóipeanna díobh le fáil sa dá lámhscríbhinn. Tá cóipeanna de sheanfhocail 'mhaithe' sa chuid deiridh de LNÉ LS G 353, lgh 305*i*–316, ámh.

Ábhar spéise is ea an chóip den téacs 'Ceasta Fhíthil' atá in Corcaigh LS 206, lgh 265–70, toisc gur iarsma de théacs ón 15ú haois is ea an téacs sin. Tugann an chóip seo, agus cóipeanna eile den téacs céanna a bhreac Mícheál Óg agus scríobhaithe eile san 18ú haois agus sa 19ú haois, léiriú ar an spéis a bhí ag na scríobhaithe i dtéacsaí gaoise maraon le léiriú ar thraidisiún téacsúil téacs aonair gaoise, chomh maith.[21] Díol spéise is ea é gurbh é an file agus an scríobhaí Eoghan Rua Ó Súilleabháin (1748–84) a bhreac an chóip is luaithe de na leaganacha déanacha den agallamh seo idir Fítheall agus Flaithrí sa bhliain 1773, cóip atá in Corcaigh LS 124, lgh 23–4, faoin teideal 'Cómhairle an mhic ón athair'.[22]

Díol suntais is ea an lámhscríbhinn álainn, Corcaigh LS 206, de chuid Mhichíl Óig Uí Longáin toisc an luach cultúrtha agus intleachtúil a bhaineann léi. Bronnadh iontach, tábhachtach do léann na lámhscríbhinní Gaeilge is ea an bronnadh seo ó mhuintir Burdon ar an mbonn go gcuirfidh an rogha ábhair atá inti le tuiscint an phobail ar spéiseanna litríochta agus staire phobal na Gaeilge sa 19ú haois.

Máire Ní Íceadha
Coláiste na hOllscoile Corcaigh

[21] Pádraig Ó Macháin, '"Ceasta Fhíthil": buaine agus ilghnéitheacht na gaoise i litríocht na Gaeilge', in John Carey, Kevin Murray agus Caitríona Ó Dochartaigh (eag.), *Sacred Histories: A Festschrift for Máire Herbert* (Cork, 2015), lgh 333–54 ar 344–6.
[22] Ibid.